Samhain 2024

# Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Leagan: 1.0

Foilsitheoir: Samhain 2024

Dáta Athbhreithnithe Sceidealta: Samhain 202

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# Clár na nÁbhar

Croíluachanna na gCoimisinéirí Ioncaim ..... 2

Ráiteas Misin na gCoimisinéirí Ioncaim ..... 3

Plean Gníomhaíochta Dualgas Earnála Poiblí na gCoimisinéirí Ioncaim ..... 4


Léargas ginearálta ar Phlean Gníomhaíochta Dualgas Earnála Poiblí na gCoimisinéirí Ioncaim 5

Plean Gníomhaíochta Dualgas Earnála Poiblí na gCoimisinéirí Ioncaim (2024 - 2025) ..... 5

Gluais Acrainm ..... 6

Tacaíochtaí ..... 6

## Croíluachanna na gCoimisinéirí Ioncaim



# Ráiteas Misin na gCoimisinéirí Ioncaim

*Freastal ar an bpobal trí chánacha agus trí dhleachtanna a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach agus trí rialuithe custam a chur i bhfeidhm.*

Tá na Coimisinéirí Ioncaim tiomanta do chultúr measa ar chearta an duine agus ar chomhionannas a chothú i measc ár bhfoirne agus dóibh siúd ar a bhfreastalaímid.

Déanann muid ár gcroíluachanna a neadú agus a fheidhmiú mar chuid dár nDualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (nó Dualgas na hEarnála Poiblí). Déanann muid é seo trínár n-idirghníomhaíochtaí le comhghleacaithe agus inár ndéileálacha go léir le cáiníocóirí.

Aithnítear i Ráiteas Straitéise 2023-2025 na gCoimisinéirí Ioncaim mar thosaíocht stráitéise **'Cothóimid lucht saothair éagsúil agus cuimsitheach, atá ionadaíoch ar an bpobal ar a bhfreastalaímid'.**

Léiríonn ár bpolasaithe, nósanna imeachta, cleachtais agus próisis ár gcur chuige maidir le cultúr eagraíochtúil cuimsitheach a chothú agus a chuireann comhionannas chun cinn, a sheachnaíonn idirdhealú agus a chosnaíonn cearta daonna ár bhfoirne agus ár n-úsáideoirí seirbhíse araon.

Gealltar i Straitéis Pleanála Luchta Saothair 2021 - 2026 na gCoimisinéirí Ioncaim'**'comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú (CÉI) a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna ár ndaoine agus ár gcustaiméirí a chosaint in ionad oibre dearfach atá bunaithe ar ár gcroíluachanna'.**

Tá an Dualgas Earnála Poiblí leagtha amach in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014[1]. Ceanglaíonn sé ar chomhlacht poiblí, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, aird a thabhairt ar an ngá atá leis an méid seo a leanas:

(a) deireadh a chur le hidirdhealú,

(b) comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann dá fhoireann agus do na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chur chun cinn, agus

(c) cearta daonna a chomhaltaí, a fhoirne agus na ndaoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chosaint.

Ina theannta sin, ceanglaítear ar chomhlacht poiblí:

(a) a leagan amach, ar mhodh atá inrochtana ag an bpobal ina phlean straitéiseach (cibé tuairisc atá áir) measúnacht ar na saincheisteanna maidir le cearta an duine agus comhionannas a chreidtear a bheith iomchuí maidir le feidhmeanna agus cuspóir an chomhlachta agus na polasaithe, na pleananna agus na gníomhaíochta atá i bhfeidhm nó a bheartaítear a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo, agus

(b) tuairisc a thabhairt ar bhealach atá inrochtana don phobal maidir le forbairtí agus éachtaí ina leith sin ina thuarascáil bhliantúil.

Agus an Dualgas á chur i bhfeidhm, moltar i dtreoir Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (CÉCDC) go ndéanann comhlachtaí poiblí **'An fócas a choinneáil ar dhaoine ar fud na naoi bhforas atá san áireamh sa reachtaíocht chomhionannais agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu siúd atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta'.**

[1] Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Plean Gníomhaíochta Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim

Cuireann na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2018 ('na hAchtanna') cosc ar idirdhealú i soláthar earraí agus seirbhísí, cóiríochta agus oideachais. Clúdaíonn siad na naoi bhforas de inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, gnéaschlaonadh, cine, reiligiún, agus ballraíocht den Lucht Siúil. Ina theannta sin, cuireann na hAchtanna cosc ar idirdhealú i soláthar seirbhísí cóiríochta i gcoinne daoine atá ag fáil forlíonadh cíosa, cúnamh tithíochta, nó íocaíochtaí leasa shóisialaigh.

## Plean Gníomhaíochta Dualgas Earnála Poiblí na gCoimisinéirí Ioncaim

Rinne an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha (RSC) athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta um Dhualgas na hEarnála Poiblí a bhí ann roimhe seo agus tá an chéad phlean gníomhaíochta eile dréachtaithe acu don tréimhse 2024-2025.  Mar eagraíocht, rinneamar measúnú ar na saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus comhionannas a chreideann muid a bhaineann lenár bhfeidhmeanna agus lenár gcuspóir.

Tá an cur chuige a ghlactar bunaithe ar threoir a chuir Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ar fáil; eadhon saincheisteanna chearta an duine agus comhionannais a bhaineann lenár bhfeidhmeanna a mheas, aghaidh a thabhairt orthu agus iad a thuairisciú. Tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin. Chuaigh muid i dteagmháil le príomh-gheallsealbhóirí agus d’iarr muid treoir maidir le saincheisteanna a aithníodh trí fhoghlaim go díreach uathu siúd a raibh tionchar ag polasaí nó cleachtas orthu.

Táimid muiníneach go bhfuilimid ag comhlíonadh ár ndualgais DEP mar atá leagtha amach san **Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.**

Coinneoidh muid tiomantas láidir eagraíochtúil, le tacaíocht ó gach ball foirne lena n-áirítear an bhainistíocht shinsearach, chun an Dualgas a chur i bhfeidhm. Déanfar an Plean Gníomhaíochta a chomhtháthú inár bPleananna Gnó bliantúla, inár Ráiteas Straitéise (RS) agus déanfar athbhreithniú bliantúil ar an dul chun cinn agus déanfar é a thuairisciú inár dTuarascálacha Bliantúla.

Déanfaidh muid ár gcroíluachanna a fheidhmiú agus ár ndualgais DEP a chomhlíonadh trí dhíriú ar phríomhréimsí, ailínithe le gealltanais maidir le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú:

- **Ár nEagraíocht**: Tá Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú lárnach i straitéisí agus cuspóirí na gCoimisinéirí Ioncaim.
- **Ár gCultúr:** Seasann muid le luachanna na gCoimisinéirí Ioncaim trí chultúr dínite agus measa a chur chun cinn dár ndaoine go léir agus dár n-úsáideoirí seirbhíse go léir agus aithníonn muid an gá atá le deireadh a chur le hidirdhealú.
- **Daoine**:  Is rogha fostóra muid trí lucht saothair a mhealladh, a thacú agus a chothabháil a léiríonn éagsúlacht an phobail ar a bhfreastalaímid.
- **Sonraí**: Bailíonn muid agus déanann muid anailís ar shonraí comhionannais agus éagsúlachta a bheidh mar bhonn eolais dár gcur chuige i leith oibre.
- **Feasacht**: Tá muid dírithe ar fheasacht agus tuiscint ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn i measc ár ndaoine.

Cuirfidh muid nuashonruithe ar fáil maidir leis na polasaithe, na pleananna agus na gníomhaíochtaí inár dTuarascáil Bhliantúil.

## Léargas ginearálta ar Phlean Gníomhaíochta Dualgas Earnála Poiblí na gCoimisinéirí Ioncaim

| Plean Gníomhaíochta Dualgas Earnála Poiblí na gCoimisinéirí Ioncaim (2024 - 2025) | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Eagraíocht** | **Cultúr** | **Daoine** | **Sonraí** | **Feasacht** |
| 1. Bunóidh na Coimisinéirí Ioncaim grúpa um Dhualgas Earnála Poiblí chun cur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta nua DEP a éascú. Beidh ról maoirseachta ag an ngrúpa le linn a chur i bhfeidhm agus déanfaidh sé athbhreithniú ar an bplean ar feadh a shaolré.<br><br>2. Cuirfidh cláir oiliúna na gCoimisinéirí Ioncaim oiliúint ar chearta an duine agus ar chomhionannas ar fáil nuair is cuí.<br><br>3. Leanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh ag foilsiú sonraí tacaíochtaí chun cabhrú le custaiméirí agus fostaithe.<br><br>4. Tacóidh na Coimisinéirí Ioncaim le custaiméirí a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu ár mbealaí cumarsáide a úsáid.<br><br>5. Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim a ndícheall gach cumarsáid a dhéanamh cuimsitheach agus inrochtana. | 6. Cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim ionad oibre dearfach, éagsúil agus cuimsitheach chun cinn trí chultúr a chothú a chuireann folláine fhisiciúil, mheabhrach, shóisialta agus mhothúchánach ár ndaoine chun cinn.<br><br>7. Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim comhionannas agus cearta an duine a chosaint agus a urramú laistigh dár seirbhísí, nósanna imeachta agus próisis de réir phrionsabail DEP. | 8. Beidh na Coimisinéirí Ioncaim ina rogha fostóra trí lucht saothair a mhealladh, a thacú agus a chothabháil a léiríonn an pobal éagsúil ar a bhfreastalaímid.<br><br>9. Rachaidh na Coimisinéirí Ioncaim i dteagmháil le grúpaí sonracha fostaithe a dhéanann ionadaíocht orthu siúd a thagann faoi raon feidhme Acht na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. | 10. Tabharfaidh na Coimisinéirí Ioncaim dearbhú go gcloíonn ár gcroíchórais leis an Reachtaíocht um Chomhionannas agus Cearta an Duine.<br><br>11. Foilseoidh na Coimisinéirí Ioncaim sonraí ar líon na ngearán agus na n-athbhreithnithe a iarradh agus ar seasadh leo a bhaineann leis an reachtaíocht um Chomhionannas agus/nó Cearta an Duine, lena n-áirítear gearáin agus athbhreithnithe ombudsman a rinne athbhreithneoirí neamhspleácha faoi nósanna imeachta gearán agus athbhreithnithe na gCoimisinéirí Ioncaim.<br><br>12. Cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim cultúr cosanta sonraí chun cinn agus cuirfidh siad eolas soiléir inrochtana ar fáil. | 13. Cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim feasacht ar chearta an duine chun cinn trí thionscnaimh lárnacha agus áitiúla. |

# Gluais Acrainm

| | |
|---|---|
| RSC: | Rannóg Seirbhísí Corparáideacha |
| CÉI: | Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú |
| AE: | Aontas Eorpach |
| CÉCDC: | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas |
| DEP: | Dualgas Earnála Poiblí |

# Comhlíonadh na Reachtaíochta um Chearta an Duine agus Comhionannais

Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014
An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta agus na hAchtanna um Stádas Comhionann (Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2018 agus na Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015)
Bunreacht na hÉireann - Cearta Bunúsacha, Airteagail 40-44
An tAcht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003
Dualgais Idirnáisiúnta na hÉireann maidir le Cearta an Duine
Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh
An tAcht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021
An tAcht um Míchumas
An tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015
EU Equality Directives
IHREC Public Sector Duty Guidance
EU Web Accessibility Directive

# Tacaíochtaí

Tá na hacmhainní seo a leanas ar fáil d’fhoireann nó do chustaiméirí atá ag lorg comhairle nó tacaíochta
Creat um Rialachas na gCoimisinéirí Ioncaim
Croíluachanna na gCoimisinéirí Ioncaim
Cairt um Sheirbhísí do Chustaiméirí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim
Cóid Chleachtais na gCoimisinéirí Ioncaim
Cairt um Rannpháirtíocht Fostaithe na gCoimisinéirí Ioncaim
Seirbhís Chúnaimh d’Fhostaithe na Státseirbhíse
Nósanna Imeachta um Ghearán na gCoimisinéirí Ioncaim
Dínit san Ionad Oibre na Státseirbhíse
Eolas agus seirbhísí na gCoimisinéirí Ioncaim do chustaiméirí faoi mhíchumas